## 1. Beartas Stoic

Is í gach scoil agus is é gach ionad atá freagrach as a chinntiú go bhfuil gach earra de stoc BOOÁCDL faoi chosaint agus slán. Maidir leis sin, éilíonn BOOÁCDL go ndéantar earraí stoic a thaifeadadh ar leabhar stoic P2P tráth an tseachadta. Sanntar uimhir barrachóid stoic uathúil do gach ítim stoic, agus cuirtear an uimhir sin isteach ar P2P. Ní mór go mbeidh an lipéad barrachóid greamaithe den earra ansin.

## 2. Sainmhíniú ar Stoc

An sainmhíniú a thugtar ar stoc ná earraí trealaimh a bhfuil luach atá níos mó ná €300 orthu, lena n-áirítear ríomhairí glúine, ríomhairí pearsanta, táibléid, teilifíseáin etc. Ní áirítear troscán agus daingneáin agus feistis, agus gach ítim eile a mheastar a bheith ina sócmhainní seasta. Ní áirítear leis sin ach an oiread aon stoc intomhalta a choimeádtar e.g. stáiseanóireacht, miotal agus adhmad le húsáid i ranganna etc. Féadfar earraí trealaimh eile faoi bhun na tairsí €300 a chur leis de réir rogha an Phríomhoide nó Bhainisteoir an Ionaid. Ba cheart earraí trealaimh a bhfuil cothabháil agus seirbhísiú tréimhsiúil le déanamh orthu a áireamh freisin, e.g. múchtóirí dóiteáin, etc.

## 3. Leabhar Stoic


Ba cheart do gach scoil agus do gach ionad leabhar stoic a choinneáil. Bíonn an leabhar stoic laistigh den chóras Ceannach go hÍocaíocht (P2P) agus ba chóir earraí stoic a shannadh don leabhar stoic agus iad á seachadadh. Sanntar uimhir barrachóid stoic uathúil do gach earra stoic nuair a sheachadtar e, agus ní mór é a ghreamú den earra féin. Sanntar earraí stoic ar an gcóras P2P don seomra ina mbíonn siad á n-úsáid de ghnáth.

## 4. Lipéadú Stoic

Sanntar uimhir barrachóid stoic uathúil do gach ítim stoic, agus ní mór é a ghreamú ar an ítim féin. Úsáidtear an uimhir barrachóid uathúil seo chun stocáireamh a éascú. Ní mór lipéad a chur ar an earra stoic a luaithe agus a fhaigheann lucht na scoile é. Ní mór uimhir an Bharrachód BOOÁCDL a chur mar uimhir an Bharrachóid (lena n-áirítear aon nialais chun tosaigh) isteach sa chóras P2P ag céim an tseachadta.

Ní mór an lipéad seo a úsáid i ngach cás agus is féidir lipéid a ordú ach ríomhphost a sheoladh chuig Payments-Stock@ddletb.ie.

Lipéad barrachóid samplach




## 5. Stoc a dhiúscairt

Aon earraí trealaimh a bhfaightear réidh leo, ní mór iad a thaifeadadh sa leabhar stoic. Féach ar an mBeartas maidir le Diúscartha Stoic.

## 6. Tuarascálacha Stoic

Is féidir tuarascálacha stoic a bhaint as an gcóras P2P. Déantar miondealú sa tuarascáil seo ar na míreanna stoic de réir suímh, seomra agus catagóire ionas gur féidir an tuarascáil a úsáid mar threoirphlean le haghaidh an stocáirimh. Is féidir an modúl stoic a nuashonrú de réir mar is gá agus tuarascáil nua a eisiúint ina léirítear na hearraí nár aimsíodh go fóill.

TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ LEAGAN ÍOSLÓDÁILTE NÓ CÓIP CHRUA GAN RIALÚ

## 7. Stocáireamh

Déanfaidh gach scoil agus gach ionad in BOOÁCDL stocáireamh uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad. Déanfar an stocáireamh féin a éascú trí úsáid a bhaint as léitheoir optúil barrachóid nó tríd an modúl stoic ar an gcóras P2P a nuashonrú de láimh.

Ní mór aon earra stoic a shainaithnítear nach bhfuil ar an gclár a chur leis ina dhiaidh sin.

Ní mór an Príomhfheidhmeannach a chur ar an eolas maidir le hearraí stoic nár aimsíodh ar chríochnú an stocáirimh.

Is féidir aon cheisteanna maidir le stoc a sheoladh go díreach chuig Payments-Stock@ddletb.ie

| | |
|---|---|
| Ceadú Boird:<br>Dáta a mBeidh Éifeacht Leis: | 16/06/2025 |
| Dáta an Athbhreithnithe | 16/06/2027 |